Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Márta 2020**
**(OR. en)**

**6732/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0121(COD)**

**CODEC 172**
**TRANS 108**
**SOC 142**
**EMPL 119**
**MI 69**
**COMPET 111**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos rialacha sonracha i dtaca le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/AE maidir le tiománaithe a phostú in earnáil an iompair de bhóthar agus lena leasaítear Treoir 2006/22/CE maidir le ceanglais forfheidhmiúcháin agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus glacadh an ráitis faoi chúiseanna na Comhairle |

1. An 31 Bealtaine 2017, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 91(1) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 18 Eanáir 2018[2].

3. Thug Coiste na Réigiún uaidh a thuairim ar an 1 Feabhra 2018[3].

[1] 9671/17.
[2] IO C 197, 8.6.2018, lch. 45.
[3] IO C 176, 23.5.2018, lch. 57.

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 4 Aibreán 2019[4].

5. An 20 Feabhra 2020, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh i ndáil leis an dréacht-Rialachán thuasluaite[5].

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– a seasamh, a leagtar amach in 5112/20, agus an ráiteas ar chúiseanna, a leagtar amach in 5112/20 ADD 1, a ghlacadh ar an gcéad léamh, mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus BG/EE/CY/LV/LT/HU/MT/PL/RO ag vótáil ina choinne;

– a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá in Aguisín 1, a ghabhann leis an nóta seo, a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

---

[4] 7729/19.

[5] I gcomhréir leis an litir dar dáta an 23 Eanáir 2020 a sheol Uachtarán Choiste um Iompar agus um Thurasóireacht Pharlaimint na hEorpa chuig Uachtarán COREPER, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas gan aon leasú a dhéanamh air.